

Ráiteas Beartais maidir le Nochtadh Leasanna ag an bhfoireann

Uimhir Thagartha an Doiciméid	Ráiteas Beartais maidir le Nochtadh Leasanna ag an bhFoireann
Uimhir Athbhreithnithe	002
Doiciméid Athbhreithnithe Ag	Bord BOOLM
Dáta an Athbhreithnithe	29 Feabhra 2024
An Dáta a Cuireadh an Beartas Bunaigh i bhFeidhm (Leagan 1)	Ceadaithe ag Bord BOOLM 23 Márta 2017
Dátaí Athbhreithnithe Roimhe Seo	17 Bealtaine 2018
An Chéad Dáta Athbhreithnithe Eile	29 Feabhra 2026

Stair Leasaithe

Dáta	Leibhéal athbhreithnithe	Sonraí an leasaithe	Síniú ceadaithe
17 Bealtaine 2018	001	Nuashonraithe chun tagairt a dhéanamh don Chód Cleachtais 2019	
29 Feabhra 2024	002	Nuashonraíodh BOOLM chun tagairt a dhéanamh do Chód Rialachais BOO reatha do Imlitir 0002/2019 na BOOanna de réir mholtaí an CII	

Sonraíonn **Alt 5 de Chód Cleachtais um Rialachas BOOanna Imlitir 0002/2019**:

‘Chun sláine agus trédhearcacht leanúnach a áirithiú, agus chun imní an phobail nó caillteanas muiníne a sheachaint, ba cheart don Bhord a áirithiú go bhfuil beartais iomchuí i bhfeidhm ionas go ndéanfaidh comhaltaí agus baill foirne cinntí go hoibiachtúil agus go ndéanfar bearta chun aon choinbhleachtaí leasa a d’fhéadfadh a bheith ann a sheachaint nó chun déileáil leo, bíodh siad iarbhir nó braite. Ba cheart go gcinnteodh na beartais seo go dtabharfar aghaidh ar aon choinbhleachtaí leasa féideartha nó iarbhir a thagann chun cinn i gcás cinnteoireachta ag comhaltaí boird agus fostaithe an BOO. Leagtar amach sna hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 go 2001 oibleagáidí reachtúla a bhaineann le comhaltaí boird agus fostaithe ar leithligh ó fhorálacha an Chóid seo. Cuireann an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 creat reachtúil ar fáil inar féidir le hoibrithe imní a chur in iúl maidir le héagóir fhéideartha a thugann siad faoi deara san ionad oibre.’

<https://circulars.gov.ie/pdf/circular/education/2019/02.pdf>

Meastar gur coinníoll ceapacháin nó fostaíochta é comhlíonadh na nAchtanna um Eitic.

Reachtaíocht eitice

Forálann an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 do nochtadh leasanna incláraithe ag áititheoirí post ainmnithe fostaíochta i gcomhlachtaí poiblí atá forordaithe chun críocha na reachtaíochta Eitice.

Ní mór do dhaoine i bpoist ainmnithe fostaíochta, i ngach bliain, le linn aon chuid de a bhfuil nó a raibh stiúirthóireacht ainmnithe acu ar chomhlacht poiblí, arna fhorordú le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire Airgeadais, a cheanglaítear ar stiúrthóirí ainmnithe a ullmhú agus a thabhairt, i bhfoirm a chinneadh an Aire Airgeadais, ráiteas i scríbhinn maidir lena leasanna incláraithe, agus na leasanna, a bhfuil eolas iarbhir ag duine orthu, a c(h)éile nó ar leanbh leis an duine nó ar a chéile, a d’fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar an duine i, nó i ndáil le, comhlíonadh fheidhmeanna oifigiúla an duine de bhithin go bhféadfadh an comhlíonadh sin difear a dhéanamh do na leasanna sin go dtabharfaí sochar substaintiúil don duine, nó don chéile nó don leanbh, nó go gcoinneofaí siar uathu é. Ní mór an ráiteas a thabhairt don údarás iomchuí don phost de réir mar a chinneadh an tAire Airgeadais. I gcás nach bhfuil aon leas nó leasanna incláraithe ann, ba cheart ráiteas ‘nialasach’ a dhéanamh.

Ceanglaítear ar áititheoirí poist ainmnithe fostaíochta ráiteas a thabhairt i gcás ina bhfuil feidhm le comhlíonadh, agus i gcás ina bhfuil leas ábhartha ag an mball foirne nó ag “duine bainteach” (e.g., gaol nó comhlach gnó de chuid an stiúrthóra) in ábhar lena mbaineann an fheidhm. Ní mór d’áititheoirí poist ainmnithe fostaíochta ráiteas den sórt sin a thabhairt don údarás iomchuí. Cuirfidh an Coimisiún comhairle ar fáil agus foilseoidh sé nósanna imeachta éigeantacha maidir le céimeanna atá le glacadh ag sealbhóirí poist ainmnithe (i measc nithe eile) chun comhlíonadh an Achta a chinntiú. I gcás ina gcuireann an Coimisiún comhairle ar fáil do dhuine a bhfuil post ainmnithe fostaíochta aige/aici i gcomhlacht Stáit, nó gur dealraitheach ó threoirínte arna bhfoilsíú ag an gCoimisiún gur chóir a leas nó leas duine bainteach a nochtadh, ní mór don duine sin ráiteas cuí a dhéanamh leis an údarás ábhartha sa chomhlacht Stáit.

Foilsíonn an Coimisiún um Chaighdeán na “Treoirínte maidir le Comhlíonadh Fhorálacha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 - Seirbhísigh Phoiblí” a sholáthraíonn faisnéis ar na céimeanna is gá do sheirbhísigh phoiblí a chumhdaítear leis an reachtaíocht Eitice a ghlacadh chun ceanglais na reachtaíochta a chomhlíonadh. Na poist ainmnithe fostaíochta i gcomhlachtaí poiblí, mar atá forordaithe chun críocha na reachtaíochta Eitice, na foirmeacha chun ráitis a ullmhú ar leasanna incláraithe agus ráitis ‘nialasacha’ a ullmhú, agus sonraí oifigeigh an chomhlachta agus na n-údarás ábhartha ar cheart na ráitis sin a thabhairt dóibh ar fáil freisin i “dTreoirínte” an

C:\Users\CKennedy\AppData\Local\Packages\Microsoft.MicrosoftEdge_8wekyb3d8bbwe\TempState\Downloads\LMETB - Policy Statement-Staff (1).docx

Choimisiúin um Chaighdeán, atá ar fáil ar a láithreán gréasáin: <https://www.sipo.ie/>

Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013

Tá feidhm ag Forálacha Alt 12 de Sceideal 3 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 i gcás ina bhfuil leas airgid nó leas tairbhiúil eile ag comhalta d'fhoireann boird oideachais agus oiliúna, ar shlí seachas ina cháil nó ina cáil mar chomhalta den sórt sin, in, nó a bhaineann le haon chonradh, comhaontú nó comhshocraíocht, nó conradh, comhaontú nó socrú beartaithe, a bhfuil an bord ina pháirtí ann.

Déantar plé sa bhreis ar an ábhar seo in Alt 5.11 den Imlitir 0002/2019 de Chód Cleachtais um Rialachas BOOanna;

Nochtadh Leasanna ag baill foirne an BOO: Riachtanais Bhreise

5.11 De bhreis ar na ceanglais faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus faoin Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001, i gcás ina bhfuil leas airgid nó leas tairbhiúil eile ag ball foirne (lena n-áirítear baill teaghlaigh mar atá leagtha amach i riachtanais an údaráis áitiúil) den chuid BOO, i nó atá ábhartha d'aon chonradh, comhaontú nó socrú, conradh, comhaontú nó socrú beartaithe, ar páirtí ann an bord, déanfaidh an duine sin an méid seo a leanas:

- (a)** a leas agus an cineál leasa sin a nochtadh don Phríomhfheidhmeannach;
- (b)** gan aon pháirt a ghlacadh in idirbheartaíocht an chonartha, an chomhaontaithe nó an chomhshocraithe nó in aon phlé ag ball foirne an bhoird, de réir mar a bheidh, i ndáil leis, nó
- (c)** gan tionchar a imirt, ná féachaint le tionchar a imirt, ar chinneadh a bheidh le déanamh ar an ábhar nó aon mholadh a dhéanamh i ndáil leis an gconradh, leis an gcomhaontú nó leis an socrú.

CRÍOCH